**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0194/2023**

25.5.2023

# TUARASCÁIL

ina bhfuil tairiscint i gcomhair rún neamhreachtach ar an dréachtchinneadh ón gComhairle, thar ceann an Aontais, maidir le tabhairt i gcrích an Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile
(11714/2022 – C9-0430/2022 – 2022/0221M(NLE))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Gheorghe-Vlad Nistor

PR_Toiliú_Rún

## CLÁR

**Leathanach**

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN NEAMHREACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................................................................................................3

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE....12

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH......................................15

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........16

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN NEAMHREACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an gcinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile (11714/2022 – C9-0430/2022 – 2022/0221M(NLE))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chreat-Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile (11714/2022),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 209 agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(iii) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0430/2022),

– ag féachaint don dréacht-Chreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair (CCC) idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile (11732/2022),

– ag féachaint do na teachtaireachtaí comhpháirteacha ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 16 Meán Fómhair 2021 dar teideal *the EU strategy for cooperation in the Indo-Pacific*[straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach] (JOIN(2021)0024) agus an 1 Nollaig 2021 dar teideal *the Global Gateway* [an Tairseach Dhomhanda] (JOIN(2021)0030),

– ag féachaint do rúin uaithi an 7 Meitheamh 2022 maidir le AE agus na dúshláin slándála sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach[1] agus an 5 Iúil 2022 maidir leis an straitéis Ind-Chiúin-Aigéanach i réimse na trádála agus na hinfheistíochta[2],

– ag féachaint don ráiteas comhpháirteach ó na ceannairí a comhaontaíodh ag cruinniú mullaigh comórtha AE- Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) a tionóladh sa Bhruiséil an 14 Nollaig 2022,

– ag féachaint do rún uaithi an 3 Deireadh Fómhair 2017 maidir le caidreamh polaitiúil AE le ASEAN[3],

– ag féachaint don Chomhaontú Comhair idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Indinéis, an Mhalaeisia, na hOileáin Fhilipíneacha, Singeapór agus an Téalainn – balltíortha Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas, arna shíniú an 7 Márta 1980[4],

---

[1] IO C 493, 27.12.2022, lch. 32.
[2] IO C 47, 7.2.2023, lch. 15.
[3] IO C 346, 27.9.2018, lch. 44.
[4] IO L 144, 10.6.1980, lch. 2.

arb é an creat dlíthiúil don chaidreamh idir AE agus ASEAN,

– ag féachaint don Dara Prótacal Roghnach don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla an 15 Nollaig 1989, darb aidhm pionós an bháis a dhíothú,

– ag féachaint don Chúnant Idirnáisiúnta maidir le Cearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha an 16 Nollaig 1966 agus don Phrótacal Roghnach a ghabhann leis,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Céastóireachta agus in aghaidh Íde nó Pionóis Eile atá Cruálach, Mídhaonna nó Táireach an 10 Nollaig 1984 agus don Phrótacal Roghnach a ghabhann leis,

– ag féachaint don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir leis an Uile Dhuine a Chosaint ón bhFuadach Forfheidhmithe an 23 Nollaig 2010,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dídeanaithe 1951 agus don Phrótacal 1967 a ghabhann leis,

– ag féachaint do Choinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (Coinbhinsiúin EIS),

– ag féachaint do Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta an 17 Iúil 1998,

– ag féachaint do Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla an 16 Nollaig 1966 agus don Phrótacal Roghnach a ghabhann leis,

– ag féachaint do rúin uaithi an 11 Meán Fómhair 2013 ina bhfuil a moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí maidir leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú comhpháirtíochta agus comhair idir AE agus an Mhalaeisia[5], an 17 Nollaig 2015 maidir leis an Malaeisia[6] agus an 18 Eanáir 2023 maidir le cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2022[7],

– ag féachaint do Riail 105(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0194/2023),

A. de bhrí go bhfuil dlúthnasc idir AE agus an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach i bhfianaise idirspleáchas a ngeilleagar agus na dúshláin domhanda comhroinnte atá acu;

B. de bhrí gur chuir an Pharlaimint in iúl go bhfuil sí tiomanta go láidir tacú le ASEAN mar an eagraíocht lárnach don chomhar réigiúnach; de bhrí gur comhalta bunaidh ASEAN í an Mhalaeisia agus go raibh ról ríthábhachtach aici maidir lena dhul chun cinn foriomlán a éascú;

---

[5] IO C 93, 9.3.2016, lch. 89.
[6] IO C 399, 24.11.2017, lch. 137.
[7] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0011.

C. de bhrí go ndearna an tAontas agus ASEAN ceiliúradh 45 bliana ar a gcaidreamh taidhleoireachta in 2022; de bhrí gur athdhearbhaigh ceannairí AE-ASEAN i ráiteas comhpháirteach a eisíodh ag cruinniú mullaigh comórtha an 14 Nollaig 2022 gur comhpháirtithe straitéiseacha iad AE agus ASEAN a bhfuil leas coiteann acu i réigiún atá síochánta, cobhsaí agus rathúil;

D. de bhrí go bhfuil an comhar reatha idir AE agus an Mhalaeisia bunaithe ar Chomhaontú Comhair 1980 AE-ASEAN; de bhrí go raibh an Mhalaeisia ina dlúthpháirtí de chuid AE go stairiúil;

E. de bhrí, in 2004, gur údaraigh an Chomhairle don Choimisiún CCC aonair a chaibidliú leis an Malaeisia;

F. de bhrí gur chuir an tAontas agus an Mhalaeisia tús le caibidlíocht le haghaidh CCC i mí Feabhra 2011 agus gur thug siad i gcrích iad an 12 Nollaig 2015;

G. de bhrí, an 5 Lúnasa 2016, gur cuireadh dréachtchinntí ón gComhairle maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an CCC faoi bhráid na Comhairle mar chomhaontú 'AE amháin' idir an tAontas Eorpach agus an Mhalaeisia; de bhrí, an 17 Márta 2017, go raibh Coiste Bhuanionadaithe Rialtais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh den tuairim gur cheart an CCC a shíniú agus a thabhairt i gcrích mar chomhaontú 'measctha';

H. de bhrí, cé gur chomhaontaigh an Mhalaeisia go mbeadh an CCC measctha, gurbh fhearr léi gan an comhaontú a chur i bhfeidhm go sealadach;

I. de bhrí gur shínigh an tAontas agus an Mhalaeisia an CCC an 14 Nollaig 2022;

J. de bhrí go neartófaí leis an CCC an comhar ar fud réimse leathan réimsí beartais, lena n-áirítear cearta an duine, neamhleathadh arm ollscriosta, frithsceimhlitheoireacht, an comhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe, trádáil, imirce, an comhshaol, fuinneamh, an t-athrú aeráide, iompar, eolaíocht agus teicneolaíocht, fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, oideachas, talmhaíocht agus cultúr;

K. de bhrí go bhfuil an dá pháirtí sa CCC idir AE agus an Mhalaeisia tar éis a n-urraim ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar chearta an duine a athdhearbhú, mar a leagtar síos i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile maidir le cearta an duine; de bhrí go bhfuil fadhbanna fós ag baint le teist na Malaeisia maidir le cearta an duine ;

L. de bhrí nach mór d'institiúidí agus comhlachtaí AE, lena n-áirítear an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, a áirithiú go ndéanfar oibleagáidí AE agus na mBallstát maidir le cearta an duine a chur chun feidhme go comhsheasmhach i gcomhbheartas eachtrach agus slándála AE;

M. de bhrí go bhfuil dúshláin mhóra os comhair rialtas aontachta nua na Malaeisia maidir le hathchóirithe daonlathacha a shaothrú, lena n-áirítear i réimse an smachta reachta, cearta an duine a chaomhnú agus polarú domhain sochaíoch a shárú;

N. de bhrí gur baineadh úsáid as Achtanna de chuid na Malaeisia, an tAcht um Cheannairc agus an tAcht um Chumarsáid agus Ilmheáin, i gcásanna áirithe chun srian a chur ar

shaoirse cainte i gcoinne chomhaltaí a Parlaiminte; de bhrí go bhfuil an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse comhthionóil faoi ionsaí sa Mhalaeisia faoi láthair, le cúnamh ó dhlíthe leathana a mbaineann foclaíocht dhoiléir leo, lena n-áirítear an tAcht um Cheannairc, an tAcht um na Meáin Chlóite agus Foilseacháin, agus ranna 504 agus 505(b) dá Cód Pionósach, lena ndéantar coir as caint as a dtagann sárú ar 'suaimhneas poiblí'; de bhrí, de réir tuarascálacha éagsúla ó chosantóirí chearta an duine, go bhfuil údaráis na Malaeisia ag baint úsáid níos mó agus níos mó as imscrúduithe coiriúla chun iriseoirí, gníomhaithe na sochaí sibhialta, an lucht acadúil agus gnáthshaoránaigh a úsáideann na meáin shóisialta a chiapadh;

O. de bhrí nár shínigh an Mhalaeisia Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dídeanaithe 1951; de bhrí go bhfuil thart ar 185 000 dídeanaí agus iarrthóir tearmainn, lena n-áirítear os cionn 100 000 Moslamach ar Róihinsí eitneacha iad, cláraithe le gníomhaireacht dídeanaithe na Náisiún Aontaithe (Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe) ach nach bhfuil stádas dlíthiúil deonaithe dóibh fós; de bhrí go bhfuil an Mhalaeisia ag díbirt dídeanaithe ar ais go Maenmar, i sárú dealraitheach ar an gceart chun tearmainn agus ar phrionsabal an *non-refoulement*;

P. de bhrí gurb ionann oibrithe imirceacha agus thart ar 20-30 % de lucht saothair na tíre agus gur minic gur íospartaigh de shaothar éigeantais agus de sháruithe ar chearta an duine iad; de bhrí go bhfuil ardriosca saothair éigeantais ann freisin do dhídeanaithe, d'iarrthóirí tearmainn agus do dhaoine gan stát toisc go ndiúltaítear rochtain dóibh ar fhostaíocht dhlíthiúil mar gheall ar a stádas neamhaitheanta; de bhrí gur thángthas ar fhianaise le déanaí gurb ann do shaothar éigeantais agus saothar leanaí sa Mhalaeisia;

Q. de bhrí nach sínitheoir í an Mhalaeisia leis an Dara Prótacal Roghnach don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, darb aidhm pionós an bháis a dhíothú;

R. de bhrí, an 3 Aibreán 2023, gur fhormheas Parlaimint na Malaeisia bille lena gcuirfí deireadh le húsáid éigeantach phionós an bháis agus lena gcuirfí teorainn le pionós an bháis do choireanna tromchúiseacha;

S. de bhrí gurb iad an tAontas agus ASEAN na tríú comhpháirtithe trádála is mó dá chéile; de bhrí gurb é AE an cúigiú comhpháirtí trádála is mó atá ag an Malaeisia agus gurb í an Mhalaeisia an tríú comhpháirtí trádála is mó atá ag AE laistigh de ASEAN;

T. de bhrí gur seoladh caibidlíochtaí le haghaidh comhaontú saorthrádála idir AE agus an Mhalaeisia in 2010 ach gur cuireadh ar athló iad tar éis seacht mbabhta in 2012 arna iarraidh sin don Mhalaeisia;

***Straitéis Ind-Chiúin-Aigéanach an Aontais agus comhpháirtíocht straitéiseach le ASEAN***

1. á thabhairt dá haire go bhfuil tábhacht straitéiseach mhéadaitheach ag baint leis an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach don Eoraip; á athdhearbhú go dtacaíonn sí le straitéis AE maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach;

2. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an tAontas tiomanta do réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach atá saor, oscailte agus riailbhunaithe; á athdhearbhú gur gá straitéis nua Ind-Chiúin-Aigéanach an Aontais a chur chun feidhme go pras chun an deis a thabhairt do chomhpháirtithe AE sa réigiún aghaidh a thabhairt ar na dúshláin choiteanna le chéile,

an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint agus seasamh le luachanna agus prionsabail chomhroinnte AE-ASEAN; ag moladh go mbeadh comhar níos láidre ann le tíortha sa réigiún, lena n-áirítear go háirithe le tíortha ASEAN;

3. á thabhairt chun suntais gur comhpháirtí straitéiseach de chuid AE sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach é ASEAN; á chur in iúl gur geal léi cruinniú mullaigh comórtha AE-ASEAN an 14 Nollaig 2022; á chur in iúl go bhfuil súil aici go mbeidh comhar níos láidre le tíortha na hÁise Thoir Theas agus leis an Malaeisia go háirithe mar thoradh ar an ráiteas ó cheannairí comhpháirteacha AE-ASEAN a chur chun feidhme; á athdhearbhú an luach polaitiúil a bhaineann le caidreamh déthaobhach láidir idir ASEAN agus AE i gcoitinne, agus idir an Mhalaeisia agus AE go háirithe;

4. ag athdhearbhú a hiarrata go ndéanfaí straitéis *Global Gateway* an Aontais a chur chun feidhme go pras i gcomhar leis an straitéis Ind-Chiúin-Aigéanach; ag cur béim ar lárnacht gheopholaitiúil den chur chuige sin, lena gcomhtháthaítear  gnéithe atá inbhuanaithe, dírithe ar an bhforbairt, claochlaitheacha, bunaithe ar luachanna agus a chuireann leis an athléimneacht  i gcur chuige Fhoireann na hEorpa; á chur in iúl gur geal léi gur fógraíodh pacáiste airgeadais EUR 10 mbilliún chun dlús a chur le hinfheistíochtaí bonneagair i dtíortha ASEAN, go háirithe maidir leis an aistriú glas agus an nascacht inbhuanaithe;

5. á chur in iúl gur geal léi gur athdhearbhaigh ceannairí AE-ASEAN a n-urraim fhrithpháirteach do phrionsabail na ceannasachta agus na sláine críche a dtugtar tacaíocht dóibh i gCairt na Náisiún Aontaithe; á athdhearbhú gur sárú follasach ar an dlí idirnáisiúnta é cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine; á chur in iúl gur geal léi gur vótáil an Mhalaeisia i bhfabhar na rúin ó na Náisiúin Aontaithe mar thaca leis an Úcráin, lena n-áirítear an rún ina n-éilítear go ndéanfadh an Rúis a fórsaí míleata uile a tharraingt siar láithreach, go hiomlán agus gan choinníoll ó chríoch na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta; ag spreagadh na Malaeisia urraim don dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn, tacú leis an Úcráin agus seasamh soiléir a ghlacadh i gcoinne chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, faoi chuimsiú ASEAN freisin;

6. á thabhairt dá haire go bhfuil an Áise Thoir Theas ar cheann de na réigiúin is mó atá i mbaol ar domhan ó thaobh thionchar an téimh dhomhanda de; ag tnúth leis an gcéad Idirphlé Aireachta idir ASEAN agus AE maidir leis an gComhshaol agus leis an Athrú Aeráide a thionól in 2023; ag tabhairt dá haire go raibh an plé maidir le hola phailme ina dhúshlán sa chaidreamh idir AE agus an Mhalaeisia;

***CCC idir AE agus an Mhalaeisia***

7. á chur in iúl gur geal léi tabhairt i gcrích an CCC leis an Malaeisia;  á mheas go soláthraítear leis an CCC sin creat láidir dlíthiúil chun an caidreamh déthaobhach polaitiúil agus eacnamaíoch atá ann le fada an lá a fheabhsú tuilleadh agus chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna arb ábhar imní réigiúnach agus domhanda iad amhail an daonlathas, cearta an duine agus an ceartas idirnáisiúnta a chur chun cinn, an creat idirnáisiúnta maidir le neamhleathadh arm ollscriosta a neartú, an fhrithsceimhleitheoireacht agus an comhrac i gcoinne an éillithe , i measc nithe eile;

8. á chur i bhfios go láidir gur gá creat uaillmhianach a chur ar fáil le CCC atá nua-

aimseartha agus dírithe ar an todhchaí maidir leis an gcomhar chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus maidir le comhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn; á iarraidh ar an Aontas na gnéithe sin a chur i gcroílár an chaidrimh idir AE agus an Mhalaeisia agus an CCC á chur chun feidhme;

9. á iarraidh ar údaráis na Malaeisia na dlíthe idirdhealaitheacha náisiúntachta agus saoránachta a bhaineann an bonn de chearta bunúsacha na mban a athrú agus gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh chun dul i ngleic le hidirdhealú in aghaidh na mban san ionad oibre, lena n-áirítear idirdhealú maidir le rochtain ar dheiseanna fostaíochta agus cóir, easpa saoire máithreachais agus pá éagothrom idir fir agus mná;

10. á iarraidh ar na páirtithe gealltanas a thabhairt go dtacóidh siad le cur chun feidhme agus forfheidhmiú na reachtaíochta intíre maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach, teacht ar chomhaontú maidir le hoibleagáidí níos sonraí i bhfianaise measúnuithe tionchair inbhuanaithe, faisnéis ábhartha a mhalartú amhail líon na n-imscrúduithe, na seiceálacha agus na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, agus oiliúint nó cúnamh teicniúil a chur ar fáil do chuideachtaí maidir le dícheall cuí corparáideach agus cuntasacht chorparáideach;

11. ag cur béim ar an bhfíoras go gcomhaontaíonn na páirtithe oibriú i gcomhar le chéile i réimse na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta, agus in earnálacha na teicneolaíochta glaise, an fhuinnimh ghlais agus an iompair ghlais;

12. á mheabhrú go ndeimhnítear leis an CCC gealltanas na bpáirtithe maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, maidir leis an gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide agus an domhandaithe, agus maidir le rannchuidiú leis na spriocanna forbartha a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, go háirithe chun an chomhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt a neartú, mar a athnuaitear í i gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe; ag spreagadh an dá pháirtí dlús a chur leis na hiarrachtaí chun dul i ngleic le héifeachtaí an athraithe aeráide trí bheartais aeráide níos éifeachtaí maidir leis an aistriú fuinnimh agus dícharbónú a ghlacadh agus a chur chun feidhme;

13. ag leagan béim ar thiomantas na bpáirtithe feabhas a chur ar an gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide; á chur i bhfáth gur cheart cur chun feidhme na gcomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil is infheidhme, lena n-áirítear Comhaontú Pháras, a chur san áireamh i ngach gníomhaíocht a dhéanann na páirtithe faoin CCC;

14. á thabhairt chun suntais go bhfuil an Mhalaeisia ag tabhairt aghaidh ar dhíghrádú comhshaoil atá ag dul i méid i roinnt mhaith réigiún, lena n-áirítear dífhoraoisiú, cailliúint na bithéagsúlachta, agus truailliú aeir agus uisce; ag tathant ar an dá pháirtí díriú go suntasach ar dhul i ngleic leis na saincheisteanna sin ina gcomhar maidir leis an gcomhrac i gcoinne na bhfadhbanna sin;

15. á chur in iúl gur geal léi go dtacaíonn an CCC le cur chun cinn an oideachais agus an chomhair chultúrtha, lena n-áirítear malartuithe-idir-daoine;

16. á chur i bhfáth go bhforáiltear le hAirteagal 1(1) den CCC gur gnéithe bunriachtanacha

den CCC iad cearta an duine agus urraim do neartú na bprionsabal daonlathach, an smachta reachta agus an dea-rialachais; á iarraidh go neartófaí an comhar déthaobhach maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, go háirithe maidir le malartú dea-chleachtas, oideachas maidir le cearta an duine, idirphlé agus comhar fóinteach leathan maidir le cearta an duine a bhunú laistigh de chomhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe um chearta an duine; ag moladh na Malaeisia, i bhfianaise an mhéid sin, as buaniarratas chuig nósanna imeachta speisialta Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine a eisiúint an 26 Feabhra 2019;  ag spreagadh na Malaeisia cuireadh a thabhairt do Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le cás chosantóirí chearta an duine chun cuairt tíre a thabhairt;

17. ag athdhearbhú a hiarrata ar údaráis na Malaeisia an tAcht um Cheannairc atá róleathan a aisghairm agus an reachtaíocht uile a thabhairt, lena n-áirítear an tAcht um Sceimhlitheoireacht a Chosc,an tAcht um na Meáin Chlóite agus Foilseacháin, an tAcht um Chumarsáid agus Ilmheáin, an tAcht um Thionól Síochánta, agus forálacha ábhartha eile den Chód Pionósach, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le saoirse tuairimí a nochtadh agus saoirse comhthionóil, agus cearta an duine a chosaint; ag athdhearbhú a hiarrata ar údaráis na Malaeisia tionóil shíochánta a éascú agus sábháilteacht na rannpháirtithe uile agus a saoirse cainte a ráthú;

18. á athdhearbhú gur cúis imní di glacadh an Achta um an gComhairle Slándála Náisiúnta in 2016, lena ndeonaítear cumhachtaí urghnácha don Chomhairle Slándála Náisiúnta agus do na fórsaí slándála; ag athdhearbhú a hiarrata ar údaráis na Malaeisia an dlí sin a aisghairm, ar dlí é a sháraíonn caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine; á chur i bhfáth nach féidir leis an ngá atá le cosaint na slándála náisiúnta neamhaird a dhéanamh den oibleagáid cearta sibhialta agus polaitiúla a chosaint;

19. ag athdhearbhú a hiarrata ar údaráis na Malaeisia príomhchoinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a dhaingniú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla, an Cúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú agus Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta;

20. á iarraidh ar Rialtas na Malaeisia Coinbhinsiúin bhunúsacha uile EIS a dhaingniú agus a chur chun feidhme go pras, lena n-áirítear maidir le Saoirse Comhlachais agus Cosaint an Chirt Eagrúcháin (Uimh. 87), maidir le hIdirdhealú (Uimh. 111), agus maidir le Sábháilteacht agus Sláinte Ceirde (Uimh. 155); á chur in iúl gur geal léi gur dhaingnigh an Mhalaeisia le déanaí Prótacal 2014 a ghabhann le Coinbhinsiún maidir le Saothar Éigeantach, 1930; ag tathant ar Rialtas na Malaeisia gníomhú go diongbháilte i gcoinne saothar éigeantais, lena n-áirítear mí-úsáidí ar oibrithe tí agus toirmeasc a chur ar fhostóirí pasanna a choinneáil gan toiliú na bhfostaithe; ag spreagadh údaráis na Malaeisia iarrachtaí a mhéadú chun íospartaigh gháinneála a shainaithint i measc oibrithe Dhaon-Phoblacht na Síne ar thionscadail bhonneagair atá cleamhnaithe le rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne;

21. á chur in iúl gur cúis bhuartha di staid na mionlach reiligiúnach agus eitneach agus na bpobal dúchasach sa tír; ag spreagadh údaráis na Malaeisia creat cuimsitheach a chur ar fáil chun cosaint agus tacaíocht a thabhairt do gach grúpa mionlaigh agus dúchasach sa

tír, agus urraim chuí á tabhairt dá gcearta bunúsacha, lena n-áirítear saoirse reiligiúnach agus cearta cultúrtha;

22. ag cáineadh an idirdhealaithe fhorleathain i gcoinne phobal LADTIA+; á iarraidh ar Rialtas na Malaeisia creat dlíthiúil a ghlacadh go pras chun pobal LADTIA+ a chosaint ón idirdhealú, agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta;

23. á chur in iúl gur cúis bhuartha di staid na ndídeanaithe sa Mhalaeisia, go háirithe a mhéid a bhaineann le dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn a choinneáil agus a dhíbirt chuig tíortha ina mbíonn sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine rompu, lena n-áirítear dídeanaithe ar Róihinsí iad ; ag cáineadh go ndearnadh na mílte saoránach Mhaenmar a dhíbirt go hachomair gan measúnú a dhéanamh ar a n-éilimh ar thearmann ná ar a riachtanais chosanta eile de shárú ar phrionsabal an *non-refoulement*; á iarraidh ar údaráis na Malaeisia stop a chur láithreach le díbirt éigeantach agus rochtain ar ionaid coinneála inimirce a thabhairt go pras d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe; ag athdhearbhú a hiarrata ar údaráis na Malaeisia Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dídeanaithe 1951 agus Prótacal 1967 a ghabhann leis a shíniú agus a dhaingniú;

24. á chur i bhfios go láidir gur gá comhar maidir leis an imirce a chur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta; á iarraidh ar an Aontas caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a chur chun cinn, a urramú agus a chosaint agus go háirithe prionsabail an *non-refoulement* agus an fhillte dheonaigh ina gcomhar leis an Malaeisia maidir leis an imirce;

25. ag moladh na Malaeisia as úsáid éigeantach phionós an bháis a dhíothú; á iarraidh ar Rialtas na Malaeisia an moratóir oifigiúil ar gach bású a choinneáil go dtí go gcuirfear deireadh le pionós an bháis go hiomlán agus go ndéanfar gach pianbhreith bháis a iomalartú;

26. á iarraidh ar údaráis na Malaeisia agus ar an Aontas ról fóinteach a thabhairt don tsochaí shibhialta, do cheardchumainn agus do chosantóirí chearta an duine i gcur chun feidhme an chomhaontaithe sin;

27. á chur i bhfáth gur gá ábhair imní maidir le cearta an duine a mheas le linn aon chaibidlíochta leis an Malaeisia;

28. á chur i bhfáth go bhforáiltear le comhaontuithe saorthrádála AE don 'chlásal neamhfhorghníomhaithe' as a n-eascraíonn fionraí fabhar trádála i gcás sáruithe ar ghnéithe bunriachtanacha an CCC;

°

° °

29. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Rialtas agus Parlaimint na Malaeisia.

3.2.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE

An tUas. David McAllister
An Cathaoirleach
An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir leis an gCreat-Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile (2022/0221M(NLE))

A Chathaoirligh, a chara,

Tagraím don nós imeachta toilithe maidir leis na Creat-Chomhaontuithe maidir le Comhpháirtíocht agus Comhar leis an Malaeisia [2022/0221(NLE)] agus leis an Téalainn [2022/0252 (NLE)].

Rinne Comhordaitheoirí AGRI an t-ábhar a bhreithniú ag an gcruinniú a bhí acu an 29 Samhain 2022 agus chomhaontaigh siad le tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe thuasluaite thar ceann an Aontais. Rinneadh an tuairim sin a chur in iúl duit de bhun Riail 56.

Chomh maith leis sin, chinn na comhordaitheoirí go rannchuideodh AGRI faoin Riail chéanna leis na rúin tionlacain atá le tarraingt suas ag AFET de réir Riail 105(2).

Dá bhrí sin, ba mhaith liom d’aird a tharraingt ar na pointí ríthábhachtacha seo a leanas i dtaobh an chaidrimh leis an dá chomhpháirtí trádála sin san earnáil agrai-bhia. Bheinn an-bhuíoch dá ndéanfá iad a ionchorprú go cuí i do chuid tairiscintí le haghaidh rúin.

Is mise, le meas,

Norbert Lins

## MOLTAÍ

Ba mhaith leis an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe na pointí ríthábhachtacha seo a leanas a chur i bhfáth maidir leis an gcaidreamh trádála agrai-bhia leis an Malaeisia agus leis an Téalainn.

- Tugaimid dár n-aire go bhfuil easnamh leanúnach ar thrádáil agrai-bhia an Aontais Eorpaigh leis an Malaeisia agus leis an Téalainn. Dá bhrí sin, ba mhaith linn a chur i bhfios gur cheart go bhfeabhsódh comhaontuithe tráchtála nua a d'fhéadfadh a bheith ann leis na tíortha sin an chothromaíocht trádála talmhaíochta trí rochtain tháirgeoirí na hEorpa ar a gcuid margaí a éascú. Inár dtuairim, ba cheart go soláthrófaí cosaint dhlíthiúil do thásca geografacha AE le haon chomhaontú nua.

- Ba mhaith linn a chur i bhfios go láidir gur cheart do tháirgí agrai-bhia a allmhairítear ón Malaeisia agus ón Téalainn caighdeáin eacnamaíocha, chomhshaoil, sláinte, sábháilteachta agus cháilíochta an Aontais a chomhlíonadh, lena n-áirítear na caighdeáin sin a bhaineann le hormóin, antaibheathaigh, lotnaidicídí agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe a úsáid. Is cosúil go bhfuil sé ríthábhachtach dúinn freisin go dtabharfadh an tAontas aird ar leith ar chaighdeáin shóisialta sna tíortha sin, lena n-áirítear riocht na n-oibrithe in earnáil na talmhaíochta.

- Dá bhrí sin, ba mhaith linn a chur in iúl gur cheart go n-áireofaí in aon chomhaontú trádála nua a thabharfar i gcrích leis an Malaeisia agus leis an Téalainn forálacha maidir le hinbhuanaitheacht, cearta saothair agus comhionannas inscne atá cosúil leis na forálacha atá sa chomhaontú tráchtála a tugadh i gcrích leis an Nua-Shéalainn i mí an Mheithimh 2022.

*Caidreamh trádála leis an Malaeisia*

- Ba mhaith linn béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le rún ón bParlaimint an 17 Nollaig 2015 maidir leis an Malaeisia (P8_TA(2015)0465), agus béim a leagan ar an bhfíoras go gcuireann na Stáit Aontaithe toirmeasc ar allmhairiú táirgí talmhaíochta áirithe na Malaeisia mar gheall ar mharthanacht cleachtas saothair éigeantais sa tír sin.

- Is maith is eol dúinn go gcuireann saothrú pailme ola agus na gníomhaíochtaí a eascraíonn as sin go dearfach le forbairt eacnamaíoch na Malaeisia agus gur foinse mhór ioncaim é dá feirmeoirí. Ina theannta sin, tá a fhios againn freisin gurb ionann olaí pailme agus eithne pailme, aigéid shailleacha agus céaracha agus thart ar 95 % d'allmhairí agrai-bhia an Aontais ón Malaeisia i luach. Mar sin féin, ba mhaith linn béim a leagan ar ábharthacht an rúin ón bParlaimint an 4 Aibreán 2017 maidir le hola pailme agus dífhoraoisiú foraoisí báistí (P8_TA(2017)0098).

- Ba mhaith linn a mheabhrú freisin go ndearna an Mhalaeisia gearán in 2021 i gcoinne AE ag EDT faoi dheireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iompair atá bunaithe ar ola pailme a

cheanglaítear le Treoir RED II, ar an bhforas go mbeadh sé sin ina bhacainn ar thrádáil. Rinne an tír chéanna gearán freisin i gcoinne na Fraince agus na Liotuáine maidir le srian a chur ar bhithbhreoslaí atá bunaithe ar ola pailme. Meabhraímid freisin gur bhagair an Mhalaeisia, i mí Eanáir 2023, stop a chur le hola pailme a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis ghlacadh an Rialacháin maidir le margú táirgí a bhaineann le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoise.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 24.5.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 55<br>–: 4<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Alviina Alametsä, Alexander Alexandrov Yordanov, François Alfonsi, Petras Auštrevičius, Traian Băsescu, Susanna Ceccardi, Włodzimierz Cimoszewicz, Katalin Cseh, Michael Gahler, Kinga Gál, Giorgos Georgiou, Sunčana Glavak, Raphaël Glucksmann, Klemen Grošelj, Sandra Kalniete, Dietmar Köster, Andrius Kubilius, Ilhan Kyuchyuk, David Lega, Miriam Lexmann, Nathalie Loiseau, Antonio López-Istúriz White, Thierry Mariani, Pedro Marques, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Sven Mikser, Francisco José Millán Mon, Matjaž Nemec, Gheorghe-Vlad Nistor, Demetris Papadakis, Kostas Papadakis, Giuliano Pisapia, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Jacek Saryusz-Wolski, Mounir Satouri, Andreas Schieder, Jordi Solé, Sergei Stanishev, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Anders Vistisen, Charlie Weimers, Isabel Wiseler-Lima, Salima Yenbou, Tomáš Zdechovský, Bernhard Zimniok, Željana Zovko |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Katarina Barley, Adam Bielan, Vladimír Bilčík, Mercedes Bresso, Pierrette Herzberger-Fofana, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Georgios Kyrtsos, Karsten Lucke, Ramona Strugariu |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Javier Moreno Sánchez |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 55 | + |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Jacek Saryusz-Wolski, Dominik Tarczyński, Hermann Tertsch, Charlie Weimers |
| ID | Susanna Ceccardi |
| NI | Kinga Gál |
| PPE | Alexander Alexandrov Yordanov, Traian Băsescu, Vladimír Bilčík, Michael Gahler, Sunčana Glavak, Sandra Kalniete, Arba Kokalari, Andrey Kovatchev, Andrius Kubilius, David Lega, Miriam Lexmann, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Vangelis Meimarakis, Francisco José Millán Mon, Gheorghe-Vlad Nistor, Isabel Wiseler-Lima, Tomáš Zdechovský, Željana Zovko |
| Renew | Petras Auštrevičius, Katalin Cseh, Klemen Grošelj, Georgios Kyrtsos, Ilhan Kyuchyuk, Nathalie Loiseau, Ramona Strugariu, Salima Yenbou |
| S&D | Katarina Barley, Mercedes Bresso, Włodzimierz Cimoszewicz, Raphaël Glucksmann, Dietmar Köster, Karsten Lucke, Pedro Marques, Sven Mikser, Javier Moreno Sánchez, Matjaž Nemec, Demetris Papadakis, Giuliano Pisapia, Nacho Sánchez Amor, Isabel Santos, Andreas Schieder, Sergei Stanishev |
| Verts/ALE | Alviina Alametsä, François Alfonsi, Pierrette Herzberger-Fofana, Mounir Satouri, Jordi Solé |

| 4 | - |
|---|---|
| ID | Thierry Mariani, Anders Vistisen, Bernhard Zimniok |
| NI | Kostas Papadakis |

| 1 | 0 |
|---|---|
| The Left | Giorgos Georgiou |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh